

<b>Ainm an Tionscadail</b>	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
<b>Buntaifeadadh</b>	T36
<b>Ainm an Agalláí</b>	Brianaí Rosie Mac Garbheith
<b>Ainm an Agallóra</b>	Dónall Dinny Ó Gallachóir
<b>Dáta an Agallaimh</b>	6/03/2006
<b>Suíomh an Agallaimh</b>	An Cheathrúin, Gort an Choirce
<b>Ainm an Tras-scríbhneora</b>	Gráinne Ní Eireamhóin
<b>Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.</b>	

(gáire)

(sos)

(--)

' \_\_\_\_\_ '

' \_\_\_\_\_ +'

....

[ ]

**Tús bréige**

**Focal dothuigthe**

**Níos mó ná focal amháin dothuigthe**

**Beirt ag caint ag an am amháin**

**Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir**

**DÓNALL:** Inniu tá mé ar an Cheathrúin, i nGort an Choirce, i gCloich Cheann Fhaola agus tá mé ag dul a thógáil traidhfil breá seanchais ó Bhrianaí Mac Garbheith. As Gaoth Dobhair Brianaí ó dhúchas agus tá muid ag dul a thosach lena óige, do chéad chuimhní a Bhrianaí agus an saol mar a bhí in d'óige.

**BRIANAÍ ROSIE:** Bhuel tháinig mé ar an tsaol thiar i nGaoth Dobhair ar an chéad lá de Eanáir....

**DÓNALL:** Sea.

**BRIANAÍ ROSIE:** Eanáir, sea. I 1927 agus chuaigh mé ar scoil an Loinnigh, ins an áit thiar an t-am sin.

**DÓNALL:** Caidé an míniú a bhéarfá thusa ar eadrú, an bé idir am atá sé, na bé ná?

**BRIANAÍ ROSIE:** Caidé sin?

**DÓNALL:** Ar a dtabhartaí eadrú air, caide an míniú, idir dhá am?

**BRIANAÍ ROSIE:** Idir eadrú, sin an t-ainm a bhéarfadh siad ar an eallach ag dul amach ar maidin go dtí am dinnéara, tá a fhios agat.

**DÓNALL:** Sé.

**BRIANAÍ ROSIE:** Chaithfeá an t-eallach a *fheadáil* ar maidin agus, creidim nach ndéanfaidh sé difir corr fhocal béarla a bheith istigh fríd?

**DÓNALL:** Ní dhéanfaidh sé difir ar bith.

**BRIANAÍ ROSIE:** Agus, tá corr fhocal béarla a bheas ann. Agus ansin chaithfeá iad a shiúl thart go bhfaigheadh, go mbeadh greim maith le hithe acu. Agus ansin, rachadh siad isteach, isteach na bhóithigh ná ni raibh áit ar bith eile, *fencanna* ná a dhath eile ag dul an t-am sin.

**DÓNALL:** *So*, chuirte isteach sa lá iad.

**BRIANAÍ ROSIE:** Isteach sa lá iad go dtí go mbeadh an trí a chlog ann go dtiocfá na bhaile ón scoil agus chaithfeá shiúl, imeacht, chaithfeá imeacht ansin leo arís na chaoráin nó síos na dúin leo a bhuachailleacht ansin agus bheifeá ansin leo ar fad, ag dul leat mar sin tamall leofa.

\*\*\*\*\*

**DÓNALL:** Bhuel fan go bhfeicfidh tú, a Bhrianaí, bhí muid ag caint ag teacht isteach domh, bhí tú ag caint go bhfaca tú.

**BRIANAÍ ROSIE:** Tá.

**DÓNALL:** Sióga thíos insa, sióga thíos insa.

**BRIANAÍ ROSIE:** Bhí mé ag gabháil síos lá amháin leis an eallach agus bhí bó, cuimhne agam go fóill uirthi, tá sí i mo shuíl go fóill go, *foal*, *foal* dhubh againn.

Agus bhí sruthán beag ag gabháil síos i gcois Droim an Chaisil ansin, síos ag Droim an Chaisil ansin. Thíos giota mhaith taobh thíos de theach Mhicí Domhain, amuigh soir an bealach sin atá sé.

**DÓNALL:** Sea, sea. Tá a fhios agam é.

**BRIANAÍ ROSIE:** Agus, na. Chrom an bhó fá choinne ag ól uisce amach as an tsruthán, amach as an, an sruthán beag ansin agus. Bhí sí ag ól agus bhí mise i mo sheasamh fosta. Fíor eile, tháinig an teach seo thall, a raibh teach ann, thall ar an chreig go díreach ag mo thaobh agus giota, as seo go dtí an, *oh*, giota beag go díreach, cúpla, gráin slat uaim agus b'fhéidir, sheasaigh mar a bheadh páistí ann agus staighre taobh amuigh den, taobh amuigh den teach seo, bhfuil a fhios agat agus bhí na páistí ina rith anuas agus suas na staighre. Agus, *oh*, sí... rudaí beaga nach raibh rómhór agus iad cuma shean-aimseartha orthu, an t-athair agus an mháthair.

**DÓNALL:** Sea.

**BRIANAÍ ROSIE:** Ná... Leag mise amach gur an t-athair agus an mháthair a bhí iontu cibé. Tháinig siad amach agus bhí siad ag scairtí anonn ormsa, scairtí anonn orm. Agus, cha deachaigh mise anonn ná cha rachainse anonn ar chor ar bith leofa ach bhí siad faoi na ndícheall ag scairtí liom orm. Ag iarraidh orm a dhul anonn acu. Agus, gorra, cha... D'imigh mise, cha deachaigh mise a gcóir. Sin a raibh dó, bhuel ceart go leor an t-am sin go dtí go... Chuaigh mé síos giota eile ansin. Agus, níl a fhios agam caidé a tháinig orm. Thosaigh mé, chur amach bolgamacha fola, bhí mé ag cur amach bolgamacha móra fola agus, cha raibh a fhios orm caidé a tháinig orm ná dhath ar bith. Ach, bhí mé ansin an dóigh a dhul sin, *ah well*. Chuaigh sin an chuid is mó den lá domh, ag cur amach bolgamacha fola. D'imigh sé cibé, cha mhothaigh mé, cha deachaigh mé a chóir dochtúir ná a dhath eile leis. D'imigh sé cibé. Agus sin a raibh de sin, *really*. D'imigh mé ansin. Ach *Ah*.

**DÓNALL:** Sé, is ansin, caidé a shíl tusa a bhí ann?.

**BRIANAÍ ROSIE:** Eh?

**DÓNALL:** Cad é a shíl tú?

**BRIANAÍ ROSIE:** Ó, daoine beaga a bhí iontu, daoine beaga, daoine.

**DÓNALL:** Caithfidh sé gur chur tú iontas an tsaoil in sa teach sin, nach bhfaca tú ariamh roimhe.

**BRIANAÍ ROSIE:** Cha, cha raibh, cha raibh a leithéid dá rud ann ar choir ar bith 's teach.

**DÓNALL:** Ní raibh.

**BRIANAÍ ROSIE:** Ní raibh teach ar bith ann. An t-am, ina dhiaidh sin agus roimhe sin, ní raibh teach ar bith le feiceáil ann. Tá cuid mhór daoine ag déanamh, gur siúd bhí mé ag '\_\_\_\_\_', go raibh mé i mo chodladh ná '\_\_\_\_\_'. Ní raibh, ní raibh ná, tá cuimhne go maith an bhó '\_\_\_\_\_', nuair a bhí an bhó ag ól, uisce ólta aici. Ansin bhí sí, '\_\_\_\_\_' Droim an '\_\_\_\_\_' leis an eallach. Agus sin a raibh do.

**DÓNALL:** Agus, caidé, caidé a mbeadh siad cosúil leis, ná caide an cineál éadach a bheadh orthu, na síoga.

**BRIANAÍ ROSIE:** Éadach, '\_\_\_\_\_' éadach cineál de dhearg agus bairéid bheaga ghlas ná rud ínteacht, tá a fhios agat, mar sin.

**DÓNALL:** Sea.

**BRIANAÍ ROSIE:** Agus bhí an péire seo ann agus bhí siad, na páistí anuas agus suas an staighre. Leag mise amach páistí ann, iad suas an staighre agus callán mhillteanach acu.

**DÓNALL:** Agus iad ag scairteadh ort.

**BRIANAÍ ROSIE:** Síos, agus an tseanbhean agus an tseandúine amuigh, ní raibh siadsan rómhór ach an oiread agus iad ag scairteadh anonn orm. Ach cha deachaigh mise a gcóir cibé. (gáire)

**DÓNALL:** D'ínis tú ansin, do do mhuintir creidim nuair a chuaigh tú na bhaile agus dá léir go leor o shin.

**BRIANAÍ ROSIE:** Aye, bhuel. Cha, cha chreidfeadh siad tú go díreach.

**DÓNALL:** Níor thuig siad áit ar bith '\_\_\_\_\_'

**BRIANAÍ ROSIE:** Ag déanamh nach raibh a dhath do go díreach *but* bhí a fhios agamsa go raibh rud do, *you know*, sin an dóigh a raibh sé.

\*\*\*\*\*

**DÓNALL:** Tá muid ar shiúl arís a Bhrianaí. Rachaidh muid ar ais go dtí d'óige agus thíos fan Dúbhaidh *but*, bhí mé ag gabháil a chur ceist ort, bhí tú ag caint faoina síoga ansin níos luaithe, *but* tá mé ag gabháil a chur ceist ort anois, an bhfaca tú taibhse nó ar mhothaigh tú scéalta fá dtaobh daofa, a Dinny?

**BRIANAÍ ROSIE:** Ó, mhothaigh mé scéalta go leor fá dtaobh de taibhsí, mar a deirfá, taibhsí fada an lá ó shin. Mhothaigh mé ceann amháin anois, taibhse, fear a bhí thall in Albain. Billy Thomáis, Billy Thomáis, Billy, Billy Antoin. Billy Antoin Róise. Tá sé pósta, bhí sé pósta ar Mhary Joe Thomáis thiar ar an Charraig?

**DÓNALL:** Ó, sé.

**BRIANAÍ ROSIE:** Ach, bhí seisean thall in Albain, agus a, bhí sé féin agus an fear seo thall i gcuideachta chéile. Agus tháinig Billy anall, bhí sé ag fágáil, dúirt sé le

Bhilly, "I'll be seeing you over by". Dúirt sé le Billy agus landáil Billy abhus. Bhí sé ag gabháil soir an bealach mór ar an *bicycle*, soir na bhaile, ag theacht aniar ón damhsa le PJ, landáil an carr, an *bicycle* seo eile ag a thaobh. Agus ní miste caidé chomh gasta agus a rachadh Billy, bhí an boc ag gabháil go gasta leis. Agus, d'aithin sé é, *but* nuair a fuair sé go dtí teach Eoghan Bhilly Óig ansin, d'imigh sé. Agus ní chuirfeadh Billy, a dhath amach as cloigeann Bhilly anois ach gurb é a bhí ann, an fear a dúirt *cheerio* thall leis. Gurb é a bhí ann.

**DÓNALL:** Agus is dóiche gurb é.

**BRIANAÍ ROSIE:** *Aye.* Agus ceann eile anois a mhothaigh mé. Ned Phadaí Sheáin, Neddy Phadaí Eoghain Shéamuis. Bhí teach acu thoir ansin, taobh thoir de theach Johny John anois. Bhí sean teach beag ansin, b'fhéidir go bhfuil sé ann go fóill, níl a fhios agam *but* teach Chonall John a thabharfadh siad air. Bhí Ned ag teacht anoir lá amháin, oíche amháin agus bhí an bhean seo ag scuabadh amach ag an doras. Agus, *just* dúirt Ned léithe-se, "cha raibh a fhios agam go raibh aon duine ina chónaí sa teach sin". Teach an mhuintir a bhí ansin, a mhuintir s'aige. Cha raibh a fhios agam go raibh aon duine ina chónaí ann, chuaigh sé síos ag amharc isteach ar an fhuinneog. Chuir an bhean a cár amach ar an fhuinneog leis, a cár amach ar an fhuinneog leis. Agus tá mise ag déanamh go bhfuair sé scanradh millteanach. Taibhse a bhí ann, cinnte, *aye.*

\*\*\*\*\*

**BRIANAÍ ROSIE:** Bhuel, ní raibh mórán, mórán iontas thart, orainn, fá dtaobh den ...bheifeá ar shiúl ag bligeardacht agus ar shiúil, ag cur, ag cur isteach, ragaireacht agus rud. Dhéanfadh muid féin ragaireacht oíche amháin thoir ag teach Fheidhleimí '\_\_\_\_\_' Sheáin. Ba ghnách linn a bheith ar shiúl ag tabhairt amach an bainne ramhar

agus tae, arán, agus an oíche seo, bhí muid ag tabhairt amach an bainne as teach, teach Nellie Éamoinn, sin teach Mhary Eoghain anois

**DÓNALL:** ` \_\_\_\_\_ ' a bheadh ansin tá mé ag déanamh.

**BRIANAÍ ROSIE:** Thíos ansin, fá choinne (gáire) agus tae agus arán. Agus i ndiaidh seo, ` \_\_\_\_\_ ' b'fhéidir, é b'fhéidir é. Oh, *Jesus* amach é, bainne isteach teach Dan Nelly Éamoinn agus is teach Mhary Eoghain anois.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam ansin. Tá a fhios agam ansin.

**BRIANAÍ ROSIE:** Thíos ansin. Fá choinne ` \_\_\_\_\_ ' bainne ansin. ` \_\_\_\_\_ ' Mary ` \_\_\_\_\_ ' an t-am sin, Nellie Éamoinn a bhí ann. Bhí muid ag déanamh ` \_\_\_\_\_ ' bainne ansin agus croca bhainne, tá a fhios agat, croca linn. Ach, bhí sí féin agus Padaí Eoghain Neddy, tá a fhios agat. Tá a fhios agat teach Phadaí Eoghain Neddy, teach Phadaí Eoghain....

**DÓNALL:** .... Tá a fhios.

**BRIANAÍ ROSIE:** Cha raibh siad mór le chéile, tá a fhios agat, agus bhí siad ina suí ansin an áit a bhfuil Charlie Rua anois. Ag ól an bhainne agus rud, agus tháinig Padaí thart. "C'áit a fuair sibh, c'áit a fuair sibh..." "Órú, thíos...". Cha ndúirt sé sin teach Nellie Éamoinn agus thuas in teach Eoghain Bhig ná teach ínteach eile a *mhentionail* siad a fuair siad an bainne. D'íth siad, ó chuidigh Padaí leo ag ithe fosta. Ach caide, chan i dteach Nellie Éamoinn, tá mé ag inse bhréag anois. Amach as teach Phadaí Eoghain a bhain siad an bainne, a ghlac siad an bainne, Padaí Eoghain Neddy, amach as sin a bhain siad an bainne, ach ní raibh se féin....agus Nellie Éamoinn agus iad mór le chéile. "C'áit a fuair sibh an bainne" a dúirt sé?" "thíos i dtigh Nellie Éamoinn" a dúirt siad, thíos ag Nellie. D'ól siad leo agus d'íth siad leo an rud. Bhain siad, bhí an croca anois acu, "caide a dhéanfaidh muid leis an chroca?" a dúirt siad le Padaí. "Órú caide a dhéanfaidh sibh leis ach é a bhriseadh" a dúirt sé. "Bris thusa é

a bhuel". Fuair Padaí greim ar an chroca, bhris sé céad giota den chroca i lár an bhealaí mhóir. (Gáire) Char smaoinigh sé ariamh gur a chroca féin a bhí ann.

**DÓNALL:** (Gáire) Bhris sé a chroca féin.

**BRIANAÍ ROSIE:** Bhris sé a chroca féin, (gáire). Bhris sé a chroca féin i lár an bhealaigh mhór.

**DÓNALL:** Bheadh giota rásaíocht '\_\_\_\_\_' ansin ann.

**BRIANAÍ ROSIE:** (gáire) Bí geal go raibh, ó ní rachadh muidinne....

**DÓNALL:** *But* sin an cineál caitheamh aimsire a bheadh agat.

**BRIANAÍ ROSIE:** Sin an caitheamh aimsire leoga.

**DÓNALL:** Ag ragaireacht 's ag .....

**BRIANAÍ ROSIE:** Ragaireacht. Bhí muid oíche eile thiar i dtigh Joe Thomáis agus Denis Doogan, tá sé beo leis go fóill.

**DÓNALL:** Tá.

**BRIANAÍ ROSIE:** Denis Doogan ann, rachadh muid isteach ar an fhuinneog, chuaigh Denis isteach ar an fhuinneog, isteach ar an fhuinneog agus, Jesus, thosaigh, Denis, cosa móra fada ar Denis, tá a fhios agat, chuaigh sé isteach ag déanamh go raibh sé ag gabháil a *reacháil* siar go dtí ann... Caidé a chur sé ach a chos isteach i gcuinneog an bhainne, cuinneog blaithe (gáire)

**DÓNALL:** (Gáire)

**BRIANAÍ ROSIE:** Jesus, d'ímigh an chuinneog i lár an tí ach d'ímigh muidinne, pointe, bhí Denis *stickáilte* san fhuinneog.



**DÓNALL:** Fágadh Denis istigh san fhuinneog.

**BRIANAÍ ROSIE:** Denis *stickáilte* san fhuinneog.

**DÓNALL:** Bhuel, ní raibh mórán caitheamh aimsire eile ann, an bhfuil a fhios agat.

**BRIANAÍ ROSIE:** Dhath ar bith ann, ar shiúl ag... Bhí muid thuas lá eile, bhí mise agus Seán, mac Fheidhleimí Mháiread Sheáin ag obair thuas in... cha raibh muid ag obair ar chor ar bith ach ag úthairt ag gabháil de '\_\_\_\_' '\_\_\_\_', ag baint mhóna atá thuas ag Joe Boyd.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam an áit, sea.

**BRIANAÍ ROSIE:** Joe Boyd, sin. Ba ghnách le Joe a bheith ag déanamh poitín an bhfuil a fhios agat. Agus bhí sé iontach *greedyáilte* ar an obair, Joe.

**DÓNALL:** Bhainfeadh se an obair asat?

**BRIANAÍ ROSIE:** Bhainfeadh se an obair asat. Ach, bhí muid ag baint, ag baint, bhí na bachtáí lomtha agus bhain muid gráin, cúpla giota beag de bhachta cibé do agus lean muid go dtí seo. Jesus, tháinig Joe anuas ina rith. Tháinig Joe anuas ina rith, "Ó, Stopaigí. Stopaigí ansin, tá sin go leor, tá go leor, tá bhur gcuid oibre déanta inniu agaibh ach Jesus, bhí giota ó seo go dtí an doras fágtha, tá a fhios agat.

**DÓNALL:** Nach raibh bainte ar choir ar bith.

**BRIANAÍ ROSIE:** Nach raibh, nach, nach raibh bainte, ó, ní ligfeadh sé dúinn baint ar choir ar bith. Á, Jesus, thosaigh muidne ag smaoineamh i ndiaidh sin, nuair a tháinig muid isteach, caithfidh sé go raibh réasún inteacht aige leis.

**DÓNALL:** Bhí an poitín i bhfolach.

**BRIANAÍ ROSIE:** Ach i ndiaidh a chuaigh sé dorcha, chuaigh mise agus Seán suas ar ais `\_\_\_\_\_+'. Suas ar ais agus thosaigh muid ag *digáil*, thart. Agus fuair muid sé bhuidéal poitín istigh (gáire)

**DÓNALL:** Istigh san bhachta.

**BRIANAÍ ROSIE:** Agus, chuaigh damhsa thoir i mBun an Leaca, thoir i *Hall* Simon an t-am sin.

**DÓNALL:** Sea.

**BRIANAÍ ROSIE:** Thoir ag crois Bhun an Leaca ansin.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam é.

**BRIANAÍ ROSIE:** Bhí damhsa ansin agus cha raibh muidinne ag ól mórán an t-am a bhí poitín thart, cha dtiocfadh leat mórán de a ól. Thug muid linn an buidéal soir cibé agus cha raibh aon duine i mBun an Leaca nach raibh ólta againn. (gáire). Dóbaire nár mharaigh siad a chéile, bhí siad ag troid agus achan rud thoir i mBun an Leaca. D'ól siad na buidéil uilig.

**DÓNALL:** (Gáire). *God sake*. An bhfuair sibhse cúpla scilling air a Bhrianaí?

**BRIANAÍ ROSIE:** Eh?

**DÓNALL:** Ar dhíol sibh iad, ar bhfuair sibh?

**BRIANAÍ ROSIE:** A, dheon é.

**DÓNALL:** Chaith sibh acu iad.

**BRIANAÍ ROSIE:** Chaith muid acu iad. Fuair muidinne gan a dhath iad. (gáire)

**DÓNALL:** Chuaigh sibh féin isteach ag an damhsa a Bhrianaí?

**BRIANAÍ ROSIE:** Chuaigh muidinne istigh, cinnte ag an damhsa, ag cur thart uisce beatha, ag cur thart poitín.

**DÓNALL:** Poitín 's....

**BRIANAÍ ROSIE:** (Gáire) Ag tabhairt buidéal d'achan duine a d'iarrfadh orainn é. D'ól siad uilig.

**DÓNALL:** *Complimentary* '\_\_\_\_\_' a bhí agat.

**BRIANAÍ ROSIE:** Aye. Blianta ina dhiaidh sin casadh Joe Mór Shéamuis orm, bhí a fhios agat eisean.

**DÓNALL:** Bhí a fhios agam.

**BRIANAÍ ROSIE:** *Boxer Ferry* ná rud inteacht a bhéarfadh siad air.

**DÓNALL:** Sea.

**BRIANAÍ ROSIE:** Bhí mé ag siúl anuas, ag tarraingt ar ... istigh in '\_\_\_\_\_'.

**DÓNALL:** Mmh, mmh.

**BRIANAÍ ROSIE:** taobh amuigh de, giota maith taobh amuigh de Edinburgh agus chonaic mé an boc seo ag tarraingt orm anuas agus *briefcase* beag leis. *Jesus*, tá sin cosúil le Joe Mór Ferry. Agus, cha, ní, raibh mé súráilte na chan fhaca mise le blianta roimhe sin é, ní raibh a fhios agam. Agus d'aithin seisean mise *right away*, "ó

Brianaí, hello". Caidé? "ó goitse, goitse" D'oscail sé an ... shuí muid síos ar thaobh an bhealaí mhóir, d'oscail sé an *briefcase*, léir mór *samples* poitín leis.

**DÓNALL agus BRIANAÍ ROSIE:** (Gáire)

**BRIANAÍ ROSIE:** *Jesus*, thug, thug sé cúpla *sample*, thug sé *samples* dúinne, poitín. Joe Mór Ferry. `\_\_\_\_\_+'

**DÓNALL:** Sea. *Salesman* fá choinne an phoitín.

**BRIANAÍ ROSIE:** Thug, thug mise liom gráin, cúpla, cúpla ceann acu isteach sa mhodel in `\_\_\_\_\_'. Thug mé daofa é, d'ól siad é. (Gáire).

**DÓNALL:** Chuir tú iad sin ólta fosta.

**BRIANAÍ ROSIE:** Bhí siad sin ólta fosta. Ó, buidéal bheaga mheasartha mhór a bhí iontu.

**DÓNALL:** Sea. Á, *Jesus*, ní thiocfadh leat mórán de sin a ól.

**BRIANAÍ ROSIE:** Bhí dúil, bhí dúil amach acu ann.

**DÓNALL:** Stuif láidir a bhí ann.

**BRIANAÍ ROSIE:** Ó, stuif millteanach atá ann. *Jesus Christ*, tá cuimhne agamsa, tá cuimhne agamsa i ndiaidh a bheith, d'ól mise, d'ól mise in am amháin fosta é. Á *Jesus*, bhí tú *alright* a fhad agus a bhí tú i do shuí ag ól.

**DÓNALL:** Sea, go dtí gur éirigh tú agus `\_\_\_\_\_` amach.

**BRIANAÍ ROSIE:** *Jesus*, imíonn na cosa.

**DÓNALL:** Ó, *aye*.

**BRIANAÍ ROSIE:** Ó, *Jesus*, ní raibh cosa ar bith ar chor ar bith orm. Achan am a d'éireoinn `\_\_\_\_\_+' (gáire).

**DÓNALL:** Ó, bhuailfeá an t-urlár.

**BRIANAÍ ROSIE:** Bhuailfeá an t-urlár. Bhí an chuid eile duit *alright*.

**DÓNALL:** Bhí.

**BRIANAÍ ROSIE:** Bheadh na cosa ar shiúl. Ó cása, stuif láidir atá ann.

**DÓNALL:** Ó, tá sé láidir.

**BRIANAÍ ROSIE:** Ó, Dia sábháil.

\*\*\*\*\*